Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 12 Meitheamh 2024
(OR. en)

10805/24

Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0463(COD)

AG 119
JAI 965
FREMP 289
DISINFO 89
HYBRID 96
MI 581
DATAPROTECT 236
AUDIO 70
CONSOM 213
TELECOM 206
CODEC 1453

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 16889/23 +ADD1, 10266/24 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Treoir maidir le Trédhearcacht na hIonadaíochta Leasa thar ceann tríú tíortha<br>- Díospóireacht bheartais |

# I. RÉAMHRÁ

1. An 12 Nollaig 2023, ghlac an Coimisiún an pacáiste 'Cosaint an Daonlathais'. An méid seo a leanas atá ann:

   i. Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Cosaint an Daonlathais[1].

   ii. Togra le haghaidh Treoir nua maidir le Trédhearcacht na hIonadaíochta Leasa do thríú tíortha[2] (dá ngairtear 'an Treoir atá beartaithe' anseo feasta).

   iii. Togra le haghaidh Rialachán lena leasaítear Rialachán (AE) 1024/2012 agus Rialachán (AE) 2018/1724[3] a ghabhann leis an Treoir atá beartaithe.

[1] 16935/23 + ADD 1.
[2] 16889/23 + ADD 1 + ADD 2.

iv. Measúnú tionchair[4] in éineacht leis an dá thogra reachtacha i bpointí (ii) agus (iii).

v. Moladh ón gCoimisiún maidir le próisis thoghchánacha chuimsitheacha agus athléimneacha san Aontas agus feabhas a chur ar an ngné Eorpach agus ar stiúradh éifeachtúil na dtoghchán do Pharlaimint na hEorpa[5].

vi. Moladh ón gCoimisiún maidir le ról gníomhach agus rannpháirtíocht éifeachtach na saoránach agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta sna próisis ceaptha beartas poiblí a chur chun cinn[6].

2. I bParlaimint na hEorpa, is é an Coiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra (IMCO) an príomhchoiste. Is é Pablo ARIAS ECHEVERRIA (PPE, an Spáinn) an rapóirtéir ceaptha. Tá obair fós ar siúl i bParlaimint na hEorpa.

3. Ghlac an Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta a Thuairim[7] an 24 Aibreán 2024.

4. An 8 Feabhra 2024, tháinig Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2) ar chomhaontú maidir leis an gcomhairliúchán roghnach[8] le Coiste na Réigiún. Ghlac Coiste na Réigiún a Thuairim[9] an 17 Aibreán 2024.

---

3 17076/23.
4 16889/23 + ADD 3 + ADD 4; 17076/23 ADD 1 + ADD 2.
5 7434/24.
6 7433/24.
7 9738/24.
8 6003/24.
9 10327/24.

## II. OBAIR SA CHOMHAIRLE

5. Thíolaic an Coimisiún príomhghnéithe an phacáiste, lena n-áirítear an Treoir atá beartaithe agus an measúnú tionchair a ghabhann leis, ag cruinniú den Mheitheal um Ghnóthaí Ginearálta an 9 Eanáir 2024 agus thíolaic sé an dá mholadh ón gCoimisiún ag cruinniú den Mheitheal um Ghnóthaí Ginearálta an 11 Eanáir.

6. Bhí díospóireacht bheartais ag na hairí maidir leis an bpacáiste 'Cosaint an Daonlathais', lena n-áirítear an Treoir atá beartaithe, ag an gcruinniú den Chomhairle Gnóthaí Ginearálta an 29 Eanáir ar bhonn páipéar leathoifigiúil ón Uachtaránacht[10].

7. Ar an mbonn sin, chuir an Mheitheal um Ghnóthaí Ginearálta an chéad scrúdú ar an Treoir atá beartaithe i gcrích, lena n-áirítear seisiún maidir le gnéithe praiticiúla na Treorach atá beartaithe agus clár trédhearcachta an Aontais. Thug roinnt toscaireachtaí faisnéis uathu chomh maith maidir lena gcláir/reachtaíocht náisiúnta, bídís ann cheana nó ar na bacáin.

8. Ón bplé a rinneadh ar leibhéal na Meithle um Ghnóthaí Ginearálta agus ó chomhairliúcháin neamhfhoirmiúla, shainaithin an Uachtaránacht na príomh-shaincheisteanna polaitiúla seo a leanas a cuireadh faoi bhráid Choiste na mBuanionadaithe (COREPER) chun treoir a fháil maidir le tuilleadh oibre:

   i. Raon feidhme agus cuspóirí;
   ii. Leibhéal an chomhchuibhithe; agus
   iii. Cláir.

9. D'eisigh Seirbhís Dlí na Comhairle tuairim i scríbhinn[11] maidir le bunús dlí an togra an 25 Aibreán 2024.

[10] 5428/24.
[11] 9328/24.

## III. STAID NA hIMEARTHA

10. Phléigh Coreper na príomh-shaincheisteanna polaitiúla dá dtagraítear i mír 8 thuas ag an gcruinniú a bhí aige an 29 Bealtaine 2024 ar bhonn nóta[12] ina sainaithnítear na príomhréimsí a dteastaíonn treoir ina leith le haghaidh tuilleadh oibre agus na ceisteanna a bhfuil aghaidh le tabhairt orthu.

11. Ar an mbonn sin, tháinig an Uachtaránacht ar na conclúidí oibríochtúla seo a leanas chun tuilleadh oibre a threorú maidir leis na trí phríomh-shaincheist pholaitiúla a sainaithníodh i mír 8 thuas:

12. Maidir leis an raon feidhme agus na cuspóirí:

    i. Is é Airteagal 114 CFAE an bunús dlí iomchuí don Treoir atá beartaithe.

    ii. Dá bhrí sin, ní mór an nasc le gníomhaíochtaí eacnamaíocha a choinneáil ar bun agus ba cheart feidhm a bheith ag an Treoir atá beartaithe maidir le gníomhaíochtaí ionadaíochta leasa lena gcumhdaítear seirbhísí ionadaíochta leasa agus gníomhaíochtaí ionadaíochta leasa '*a bhaineann le gníomhaíochtaí de chineál eacnamaíoch nó a ionadaíonn gníomhaíochtaí de chineál eacnamaíoch agus atá, dá bhrí sin, inchomparáide le seirbhís ionadaíochta leasa*' (Airteagal 3(1)(b) den Treoir atá beartaithe).

    iii. Ba cheart eintitis a dhéanann gníomhaíochtaí ionadaíochta leasa thar ceann tríú tíortha a chumhdach leis an treoir atá beartaithe.

    iv. Ní mór sainmhínithe soiléire a bheith inti agus iad bunaithe ar chritéir oibiachtúla. Ní mór an sainmhíniú ar 'gníomhaíochtaí ionadaíochta leasa' a bheith nasctha le cumarsáid dhíreach (ó bhéal agus i scríbhinn) le hoifigigh phoiblí nó le húdaráis phoiblí.

---

12 10226/24.

13. Maidir le leibhéal an chomhchuibhithe:

   i. Ní mór tuilleadh solúbthachta a thabhairt isteach sa Treoir atá beartaithe i bhforálacha éagsúla chun aghaidh a thabhairt ar imthosca sonracha náisiúnta agus ar chineálacha sonracha cur chuige náisiúnta, agus chun bearta náisiúnta níos déine a cheadú nuair atáthar á n-iarraidh, lena n-áirítear i dtaobh forálacha maidir le húdaráis inniúla agus mhaoirseachta, agus maidir le smachtbhannaí.

   ii. Aithnítear go bhféadfadh sé go mbeadh gá le leibhéal leordhóthanach comhchuibhithe i roinnt forálacha chun cur chun feidhme éifeachtach rianúil na Treorach atá beartaithe a áirithiú. Ba cheart go gcumhdódh an comhchuibhiú sin roinnt gnéithe de na cláir náisiúnta freisin, an fhaisnéis a sholáthraítear agus comhar trasteorann, cuir i gcás.

14. Maidir le cláir:

   i. Ba cheart cláir a choinneáil ar an leibhéal náisiúnta, bunaithe ar ailtireacht choiteann b'fhéidir, agus iad nasctha trí thairseach ar leibhéal an Aontais.

   ii. Cé go n-éilítear leibhéal éigin comhchuibhithe leis an bhfeidhmiúlacht sin, ba cheart an deis a bheith ag na Ballstáit fós faisnéis bhreise a bhailiú, má mheasann siad gur gá sin.

15. Ina theannta sin, thug an Uachtaránacht dá haire gur léir gur cúis imní do na toscaireachtaí uile i gcónaí é baol na trasnaíochta eachtraí ar ár bpróisis dhaonlathacha. Cé go n-aontaíonn na toscaireachtaí uile gur féidir leis an Treoir seo atá beartaithe rannchuidiú le haghaidh a thabhairt ar an riosca sin, cuireadh ábhair imní in iúl freisin maidir leis na rioscaí a bhaineann le stiogmatú na sochaí sibhialta agus maidir leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an treoir atá beartaithe ar shaoirsí bunúsacha áirithe, go háirithe ar shaoirse cainte agus comhlachais.

## IV. CONCLÚIDÍ

16. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar na hairí díospóireacht bheartais a thionól ag an gcruinniú a bheidh ag an gComhairle (Gnóthaí Ginearálta) an 25 Meitheamh ar bhonn an phlépháipéir ón Uachtaránacht atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo, ina dtabharfar aghaidh ar na ceisteanna a shonraítear ann.

**IARSCRÍBHINN**

**Togra le haghaidh Treoir maidir le Trédhearcacht na hIonadaíochta Leasa thar ceann tríú tíortha**

**Cruinniú den Chomhairle Gnóthaí Ginearálta, an 25 Meitheamh 2024**

Plépháipéar ón Uachtaránacht

**Cúlra**

Is ábhar imní atá ag dul i méid do na Ballstáit uile é baol na trasnaíochta eachtraí ar phróisis ceaptha beartas poiblí. Le blianta beaga anuas, tá réimse leathan uirlisí forbartha ag an Aontas chun aghaidh a thabhairt ar thrasnaíocht eachtrach agus chun dul i ngleic léi. Mar chuid den iarracht sin, tá sé tábhachtach cur chuige Eorpach a fhorbairt anois, a bheidh comhsheasmhach le luachanna an Aontais, maidir le hionadaíocht leasa thar ceann tríú tíortha.

Is é príomhaidhm na Treorach atá beartaithe rannchuidiú le feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh le haghaidh gníomhaíochtaí ionadaíochta leasa a dhéantar thar ceann tríú tíortha, agus lánurraim á tabhairt do chearta bunúsacha agus do phrionsabail dhaonlathacha, do luachanna agus do shaoirsí. Molann sé é sin a dhéanamh trí cheanglais trédhearcachta agus chuntasachta a chur i bhfeidhm is infheidhme maidir le heintitis a dhéanann gníomhaíochtaí ionadaíochta leasa thar ceann tríú tíortha amháin. Is é sin le rá, níl feidhm ag na ceanglais sin maidir le heintitis a fhaigheann tacaíocht airgeadais ó thríú tíortha chun críocha nach mbaineann le gníomhaíochtaí ionadaíochta leasa.

Ina theannta sin, dírítear sa Treoir atá beartaithe ar thrédhearcacht agus níl sé i gceist léi lipéadú diúltach a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí eintiteas sonrach (stiogmatú) ná teorainn a chur leis an spás sibhialta, leis an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, ná leis an tsaoirse comhlachais. Ina theannta sin, ní chuireann sé cosc ar aon chineál gníomhaíochta, ná ní éilíonn sé trédhearcacht i dtaobh cistiú eachtrach nach mbaineann le gníomhaíochtaí ionadaíochta leasa.

Mar sin féin, d'ainneoin na gcoimircí thuasluaite sa Treoir atá beartaithe, tá imní fós ann maidir leis na rioscaí neamhbheartaithe a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le stiogmatú eintiteas, lena n-áirítear Eagraíochtaí Sochaí Sibhialta (ESSanna), agus maidir leis na teorainneacha a d'fhéadfaí a chur leis an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus leis an tsaoirse comhlachais a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar a cur chun feidhme.

Dá bhrí sin, cé gur cuspóirí dlisteanacha iad an trédhearcacht agus an chuntasacht chun aghaidh a thabhairt ar ábhair imní dhaonlathacha i dtimpeallacht gheopholaitiúil an lae inniu, ní mór d'aon bhealach chun na cuspóirí sin a bhaint amach a bheith éifeachtach agus fabhrach do chur chun cinn spás na sochaí sibhialta.

**Ceisteanna ar na hAirí**

I dtéarmaí phríomhréimsí na Treorach atá beartaithe lena n-éilítear treoir bhreise, is cosúil go bhfuil conclúidí oibríochtúla indéanta maidir le raon feidhme agus cuspóirí, leibhéal an chomhchuibhithe, agus na cláir.

San am céanna, tá sé ríthábhachtach go mbeadh bearta an Aontais comhréireach agus go mbainfí an chothromaíocht cheart amach leo idir ceanglais trédhearcachta/chuntasachta ar thaobh amháin, agus an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus an tsaoirse comhlachais a chosaint ar an taobh eile. Ní mór coimircí leordhóthanacha a chur i bhfeidhm freisin chun cosaint na saoirsí sin a áirithiú, chomh maith le stiogmatú eintiteas a thagann faoina raon feidhme a sheachaint.

I bhfianaise a bhfuil thuas agus na gconclúidí oibríochtúla a chuirtear i láthair i gCuid III den nóta, iarrtar ar na hairí na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt:

1. ***An aontaíonn tú gur bunús maith iad na conclúidí oibríochtúla a leagtar amach i míreanna 12 go 14 den nóta le haghaidh tuilleadh oibre ar an Treoir atá beartaithe ar an leibhéal teicniúil?***

2. ***An measann tú gur leor na coimircí i gcoinne stiogmatú agus chun na saoirsí a chosaint sa Treoir atá beartaithe? Mura measann, cé na coimircí breise ba cheart a chur san áireamh, dar leat? An bhfeictear duit go bhfuil bealaí eile ann chun spás sibhialta a chur chun cinn atá comhlántach leis an ionstraim atá beartaithe?***